# Ag déanamh socruithe

**Éist le beirt chairde, Síle agus Alan, ag caint. Tá siad ag pleanáil turais go Barcelona agus tá siad ag iarraidh dáta a shocrú. Éist leis an gcomhrá agus meaitseáil an ócáid leis an dáta.**

| An ócáid | Éire/Dáta/USA |
|---|---|
| **a.** cruinniú | **1.** 7/7 - 7/7 |
| **b.** ag dul go Barcelona! | **2.** 10/8 - 8/10 |
| **c.** bainis | **3.** 1/7 - 7/1 |
| **d.** cóisir | **4.** 10/7 – 7/10 |
| **e.** ceolchoirm | **5.** 2/8 – 8/2 |

| a | b | c | d | e |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

# Ag déanamh socruithe
# An comhrá - Alan

1. **Is tusa Alan. Seo an méid a dúirt tú le Síle, ach níl sé san ord ceart. Léigh na habairtí ar fad leat féin. Cuir an comhrá san ord ceart le. Scríobh ord na línte in aice leo, 1-4.**

   **Alan:** Bhuel, cad faoin deichiú lá de Lúnasa? _______

   **Alan:** Go breá, go raibh maith agat. Éist, ar mhaith leat dul go Barcelona liom ar feadh cúpla lá ar laethanta saoire? _______

   **Alan:** Am éigin i mí Iúil nó i mí Lúnasa. Tá mo dheartháir, Pól, ina chónaí ansin agus tá árasán deas aige. _______

   **Alan:** Ceart go leor, rinne mé dearmad air sin. Fan anois, tá mo dhialann agam anseo. Níl mise saor ar an deichiú lá d'Iúil beidh cruinniú agam san obair agus ansin beidh mé an-ghnóthach san obair an chuid eile de mhí Iúil**.** _______

# An comhrá - Síle

1. **Is tusa Síle. Seo an méid a dúirt tú le Alan ach níl sé san ord ceart. Léigh na habairtí ar fad leat féin. Cuir an comhrá san ord ceart. Scríobh ord na línte in aice leo, 1-5.**

   **Síle:** Go breá ar fad. Níl faic ar siúl agam an tseachtain sin ar fad. Ó tá mé ag súil go mór leis, tá súil agam nach mbeidh an aimsir róthe. Tá a fhios agat gur maith liom an teas ach.... _______

   **Síle:** Cad faoi mhí Lúnasa – níl mise saor ar an dara lá, beidh cóisir mo mháthar ann – beidh sí caoga bliain d'aois. _______

   **Síle:** Hi Alan, conas atá tú? _______

   **Síle:** Ó tá sin go hiontach. Ach anois, beidh mo chara Andy ag pósadh ar an chéad lá d'Iúil agus ansin ar an seachtú lá d'Iúil beidh ceolchoirm U2 ar siúl i bPáirc an Chrócaigh – tá na ticéid agam cheana féin. _______

   **Síle:** Alan! Ba bhreá liom? Cén uair? _______

2. **Sa chomhrá, dúirt Alan: *Ar mhaith leat dul go Barcelona?* Scríobh amach liosta d'áiteanna / ócáidí eile a bhféadfá cuireadh a thabhairt do dhuine dul leat.**

**Anois, léigh amach do liosta do do pháirtnéir. Beidh air ceist a chur ort: *Ar mhaith leat dul…?* do gach áit / ócáid a luann tú. Freagair gach ceist agus cuir an cheist: *Cathain?* ar do pháirtnéir. Ansin, éist le liosta do pháirtnéara. Úsáid gach áit / ócáid a luann seisean chun an cheist: *Ar mhaith leat dul...?* a chur air. Bí cúramach le go / go dtí / chuig.**

**Mar shampla:** *go Meiriceá / go dtí an Spáinn / chuig cóisir*

**Ar dtús, cad iad freagraí na ceiste: *Ar mhaith leat?***

| **dearfach** | **diúltach** |
|---|---|
| | |

# Ag déanamh socruithe
# Saoire

1. Beidh Alan agus Síle ag dul go Barcelona. Cum abairtí, ag úsáid an bhriathair *Beidh*. Luaigh na nithe seo a leanas:

    **na daoine**
    **an bia**
    **an aimsir**
    **an t-árasán**
    **an áit**

    Mar shampla: *Beidh na daoine cairdiúil.*

    Déan amach liosta gairid d'aidiachtaí chun cabhrú libh:

    *deas…*

    Ansin, cuir ceisteanna ar ghrúpa eile faoi conas mar a bheidh a saoire. Conas a chuirtear ceist leis an mbriathar *Bí* san aimsir fháistineach? Scríobh amach ceist shamplach anseo:

2. Anois, abair le do pháirtnéir go mbeidh tú ag dul ar saoire. Luaigh na pointí seo a leanas:

    **an áit**
    **na dátaí taistil**
    **an lóistín**

    Iarr air dul ar saoire leat.

    Ansin, éist le do pháirtnéir. Iarrfaidh sé ortsa dul ar saoire leisean. Abair leis nach n-oireann na dátaí duit ar dtús, ach mol dátaí eile.

# Script

**Síle:** Hi Alan, conas atá tú?

**Alan:** Go breá go raibh maith agat. Éist ar mhaith leat dul go Barcelona liom ar feadh cúpla lá ar laethanta saoire?

**Síle:** Alan! Ba bhreá liom? Cén uair?

**Alan:** Am éigin i mí Iúil nó i mí Lúnasa. Tá mo dheartháir, Pól, ina chónaí ansin agus tá árasán deas aige.

**Síle:** Ó tá sin go hiontach. Ach anois, beidh mo chara Andy ag pósadh ar an chéad lá d'Iúil agus ansin ar an seachtú lá d'Iúil beidh ceolchoirm U2 ar siúl i bPáirc an Chrócaigh – tá na ticéid agam cheana féin.

**Alan:** Ceart go leor, rinne mé dearmad air sin. Fan anois, tá mo dhialann agam anseo. Níl mise saor ar an deichiú lá d'Iúil, beidh cruinniú agam san obair agus ansin beidh mé an-ghnóthach san obair an chuid eile de mhí Iúil.

**Síle:** Cad faoi mhí Lúnasa – níl mise saor ar an dara lá, beidh cóisir mo mháthar ann – beidh sí caoga bliain d'aois.

**Alan:** Bhuel cad faoin deichiú lá de Lúnasa?

**Síle:** Go breá ar fad. Níl faic ar siúl agam an tseachtain sin ar fad. Ó tá mé ag súil go mór leis, tá súil agam nach mbeidh an aimsir róthe. Tá a fhios agat gur maith liom an teas ach....